C/2025/6723

16.12.2025

Fógra le haghaidh na ndaoine agus an eintitis atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2022/2319 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/2561 ón gComhairle, agus Rialachán (AE) 2022/2309 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2567 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háití

(C/2025/6723)

Dírítear aird na ndaoine agus an eintitis a luaitear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2022/2319 ón gComhairle [1], arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/2561 ón gComhairle [2], agus in Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/2309 ón gComhairle [3], arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2567 ón gComhairle [4], a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háití, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tá cinneadh déanta ag Comhairle an Aontais Eorpaigh gur cheart na daoine agus an t-eintiteas lena mbaineann a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2022/2319 agus i Rialachán (AE) 2022/2309 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háití. Luaitear sna hiontrálacha ábhartha sna hIarscríbhinní na forais ar a ndearnadh na daoine agus an t-eintiteas lena mbaineann a ainmniú.

Cuirtear in iúl do na daoine agus don eintiteas gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear sna suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/2309, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 6 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine agus an t-eintiteas lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar na liostaí thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle, **roimh an 30 Aibreán 2026**, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Tugtar ar aird na ndaoine agus an t-eintiteas lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

---

(1) IO L 307, 28.11.2022, lch. 135.
(2) IO L, 2025/2561, 15.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2561/oj.
(3) IO L 307, 28.11.2022, lch. 17.
(4) IO L, 2025/2567, 15.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2567/oj.